

# **Gaelscoil Thomáis Dáibhís**

## **An Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile**

### **1. Réamhrá:**

#### **1.1 Fócas na Meastóireachta**

Cuid d'obair leanúnach Gaelscoil Thomáis Dáibhís is ea an féinmheastóireacht scoile i dtaca leis an bhfoghlaim agus leis an teagasc. Le linn na tréimhse Eanáir 2013 go Meitheamh 2016, deindeadh meastóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim sa Ghaelscoil san Uimhearthacht.

#### **1.2 Cómhthéacs na Scoile**

- Is Gaelscoil measctha í seo atá faoi phátrúnacht Easpaig Cluain Uamha.
- Bunaíodh an scoil i 1985
- Tá 326 páiste ar an rolla 170 buachaill agus 156 cailín.
- Tá 12 múinteoir ranga, beirt mhúinteoir tacaíochta foghlama, beirt mhúinteoir acmhainne, triúr chúntóir ranga agus príomhoide riaracháin sa scoil. Tá múinteoir tacaíochta foghlama páirt-aimseartha agus cúntóir páirt aimseartha againn chomh maith. Braitheann na hacmhainní seo ar rialacha na Roinne i dtaobh sceideal fóirne agus ar riachtanaisí speisialta na ndaltaí
- Tacaíonn tuismitheoirí go láidir leis an scoil.
- Tugtar trialacha Droim Conrach sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic ag tús na bliana agus trialacha Sigma-T agus Micra T ag deireadh na bliana. Úsáidtear an scrúdú NRIT le Rang 1 agus Rang 4.

### **2. Na Tátail**

#### **Torthaí Foghlama:**

Na láidreachtaí inár scoil maidir le torthaí foghlama san uimhearthacht:

- Deindeadh anailís ar an gcúig shnáithe den Mhatamaitic (Scrúdú Sigma T Bealtaine 2013) ó Rang 1-6. Tugann torthaí trialacha chaighdeánaithe na bpáistí le fios go bhfuil na scóranna peircintíl don Mhatamaitic níos airde ná an noirm náisiúnta. Léiríonn na torthaí go bhfuil 30% de scóranna na bpáistí os cionn an 85% banda peircintíl.
- Ó thaobh Tuiscint Choincheapa de tá 86% de na páistí os cionn an 50ú peircintíl agus tá formhór na páistí os cionn an noirm i gCoincheapa & Ríomhaireacht a Fheidhmiú.
- San Uimhreas, tugann na torthaí le fios go bhfuil formhór na páistí os cionn an noirm le 79% de na daltaí idir an 51ú peircintíl & an 84ú peircintíl.
- Tá na torthaí don Chruth agus Spás ag teacht leis an noirm náisiúnta don chuid is mó.
- Sa Tomhas tá céatadán ard (60%) idir an 51ú & an 84ú peircintíl (noirm náis. 34%).
- San Ailgéabar tá formhór na páistí os cionn an noirm náisiúnta. Fuair 17% de na páistí scór níos airde ná 98%.
- Ag eascairt ón seicliosta dos na múinteoirí d'aontaigh formhór na múinteoirí (87.5%) go raibh inniúlacht ag na daltaí sna bunscoilleana matamaitice agus i meabhrú ar bhunfhórais uimhris. Tuairiscíodh ag 49% de na páistí sa cheistneoir ar an uimhearthacht gurb é an uimhreas an snáithe is fearr leo.

Na hachair a bheidh ina dtosaíochtaí feabhais :

- Tá na torthaí san Fhadhbhréiteach níos ísle ná an noirm náisiúnta- tá 54% de na páistí idir an 17ú & an 50ú peircintíl (noirm náis. 34%) agus níl ach 3% ag feidhmiú os cionn 85ú peircintíl i gcomparáid le noirm náisiúnta de 16%. Cheap 56% den fhoireann nach raibh raon de straitéisí fadhbhréitigh forbartha ag na daltaí agus nach raibh siad in ann coincheapa agus próisis mhatamaitice a úsáid agus a chur i bhfeidhm chun réitigh ar fhadhbanna a phleanáil agus a chur i gcrích i gcomhthéacsanna éagsúla.

- Léiríonn na torthaí do Shonraí go bhfuil cabhair ag teastáil óna daltaí sa bhanda idir 17% -50% agus 85-98%.
- Dúirt 75% de na múinteoirí nach n-úsáideann na daltaí teanga na matamaitice go héifeachtach cruinn agus go comhsheasmhach ar fud na scoile.

### **Eispéiris Foghlama:**

Na láidreachtaí inár scoil maidir le hEispéiris Foghlama san uimhearthacht:

- Tuairiscíodh ag 81% de na múinteoirí go bhfuil dearcadh dearfach ag na daltaí i leith na Matamaitice agus go mbaineann na daltaí taitneamh as a gcuid scileanna uimhearthachta a úsáid laistigh de cheachtanna aonair agus i suímh chomhtháite. Tacaíonn torthaí cheistneoirí na bpáistí le tuairim na múinteoirí faoin dearcadh dearfach. Dúirt 79% de na páistí go dtaitníonn an Matamaitic leo .
- Ar na gnéithe a chabhraíonn leis na páistí an Matamaitic a thuiscint dar leo tá “Aithris a dhéanamh ar an rud a dhéanann an múinteoir” , “É a dhéanamh i mo cheann” agus “Pictiúir a tharraingt” .
- D’aontaigh foireann na scoile go gcuirtear timpeallacht foghlama shábháilte agus spreagúil ar fáil do dhaltaí sa scoil seo. Tá na seomraí ranga maisithe le taispeántais agus le hábhair suime a thacaíonn le páistí ina gcuid foghlama san uimhearthacht agus a cheiliúránn obair na bpáistí.
- Le linn na gceachtanna tá teacht ag páistí ar acmhainní ard-cháilíochta (TFC san áireamh) chun tacú lena gcuid foghlama agus chun cuidiú leo a bheith ina bhfoghlaiméoirí gníomhacha. Tá clár bán idir-ghníomach i ngach seomra ranga. Coimeádtar ríomhairí ghlúine sa seomra fóirne agus tá am ar leith ag gach rang sa scoil ar an gclár ama. Dúirt 41% de na páistí go n-úsáideann siad clár bán idirghníomhach nó ríomhairí gach lá & 17% go n-úsáideann siad iad go minic.
- Coimeádtar an fearas mata sa seomra stóras Mata agus tá fearas coincreideach a thacaíonn le gach snáithe den churaclam ar fáil ann.
- Déantar ceiliúradh ar Sheachtain na Matamaitice gach bliain sa scoil.

Na hachair a bheidh ina dtosaíochtaí feabhais :

- Tuairiscíodh ag formhór na páistí go n-oibríonn siad ina n-aonar sa rang mata don chuid is mó.
- Níor luaigh ach céatadán íseal daltaí go gcabhraíonn ábhair choincreiteacha leo chun an matamaitic a thuiscint.

### **Cleachtas an Mhúinteora:**

Na láidreachtaí inár scoil maidir le Cleachtas an Mhúinteora san uimhearthacht:

- Déantar trialacha chaighdeánaithe a riar agus cuirtear a dtorthaí in iúl do thuismitheoirí faoi réir threoirínte na Roinne.
- Luaigh formhór na múinteoirí go n-úsáideann siad trialacha chaighdeánaithe, scrúdaithe, samplaí oibre, tascanna & trialacha deartha ag an múinteoir, breathnóireacht an mhúinteora, ceistiú ó bhéal & samplaí oibre mar uirlisí measúnaithe.
- Tuairiscíodh ag an bhfoireann ina iomlán go n-úsáidtear an t-eolas measúnaithe i bpleanáil a gceachtanna.
- Luaigh 95% go n-úsáideann siad an t-eolas chun ceachtanna/ straitéisí nua a chumadh/ deacrachtaí a athmhúineadh & spriocanna a leasú.
- Luaigh 64% go n-úsáideann siad an t-eolas chun monatóireacht a dhéanamh ar pháistí le deacrachtaí foghlama agus chun grúpaí faoi leith a eagrú sa rang.

Na hachair a bheidh ina dtosaíochtaí feabhais :

- Níor luaigh ach 14% de na múinteoirí go n-úsáideann siad na torthaí foghlama chun obair níos dúshlánaí a sholáthar do pháistí tréitheacha.

### **3. Achoimire ar thátail na féin mheastóireachta scoile.**

#### **3.1 Tá láidreachtaí suntasacha inár scoil maidir leis na gnéithe seo den ghnóthachtáil san uimhearthacht**

- Tá torthaí na scrúdaithe caighdeánaithe níos airde ná an noirm náisiúnta sna bandaí go léir suas go dtí 84%, san Ailgéabar, Tuiscint Coincheapanna, Cruth & Spás, Tomhas, Uimhreas, Coincheapa & Ríomhaireacht a fheidhmiú.
- Léiríonn na páistí dearcadh dearfach i leith na Matamaitice agus baineann siad taitneamh as a scileanna uimhearthachta a úsáid.
- Tá timpeallacht foghlama shábháilte, spreagúil, le réimse leathan de hearraí concreideacha ar fáil do dhaltaí a thacaíonn leo ina gcuid foghlama san uimhearthacht sa scoil. Úsáidtear clár bán idir-ghníomhach i ngach seomra ranga agus tá ríomhairí glúine ar fáil do gach rang.
- Baintear úsáid as réimse leathan de mhódhanna measúnaithe lena n-áirítear measúnú chun foghlama agus measúnú den fhoghlam chun tuiscint, dul chun cinn agus gnóthachtáil na dtorthaí foghlama ag daltaí i ngach snáithe den mhatamaitic a mheas.
- Déantar ceiliúradh ar Sheachtain na Matamaitice
- Tá nasc ag ár scoil le hOllscoil Luimní.

#### **3.2 Tá na hachair seo a leanas ina dtosaíochtaí feabhais**

- Forbairt a dhéanamh ar thuiscint na ndaltaí ar choincheapa agus ar phróisis mhatamaiticiúla sna snáitheanna Réiteach Fadhbanna & Sonraí.
- Freastal níos fearr ar pháistí tréitheacha agus obair níos dúshlánaí a sholáthar dóibh. Céatadán na bpáistí sa bhanda 85%-98% agus os cionn 98% a ardú i ngach snáithe.
- Caighdeán teanga na matamaitice a ardú sa scoil.
- Páistí a chur ag obair i ngrúpaí beaga níos minicí chun teanga na matamaitice a fhorbairt & modhanna oibre a roinnt. Ábhar coinchréiteacha a sholáthar & obair réalaíoch / praiticiúil a chur i bhfeidhm chun tuiscint sa mhatamaitic a dhaingeanú.

#### **3.3 Ní mór aghaidh a thabhairt ar na riachtanais agus rialála seo a leanas**